


An chaoi le hÁbhar Mídhleathach a thuairisciú ar Aip Pinterest



1

Má aimsíonn tú ábhar a d'fhéadfadh a bheith mídhleathach agus gur mian leat é a thuairisciú, **tapáil ar na trí phonc in aice leis an bpionna** chun roghchlár aníos a oscailt. Nuair a osclaítear an roghchlár, tapáil **Tuairiscigh**.

TABHAIR FAOI DEARA:
Is bealach amháin é seo chun ábhar díobhálach nó mídhleathach a thuairisciú, ach d'fhéadfadh go mbeadh cinn eile ann.




Séanadh: Cuireann na treoracha seo samplaí agus faisnéis ar fáil chun cabhrú leis an bpobal na modhanna tuairiscithe ar Pinterest a thuiscint ó mhí **Dheireadh Fómhair 2026**. Léirithe amháin atá iontu, ní comhairle dlí iad agus ní léiríonn siad tuairimí ná barúlacha Choimisiún na Meán, lena n-áirítear cibé an gcomhlíonann na modhanna tuairiscithe na ceanglais rialála ábhartha nó nach gcomhlíonann. D'fhéadfadh sé, ó am go chéile, go n-athrófaí na modhanna tuairiscithe ar Pinterest, agus déanfaimid iarracht na treoracha seo a choinneáil cothrom le dáta.

An chaoi le hÁbhar Mídhleathach a thuairisciú ar Aip Pinterest



2

Feicfidh tú liosta roghanna ansin. Chun ábhar mídhleathach a thuairisciú, tapáil ar an rogha ag an mbarr a deir sárú ar dhlí áitiúil AE.



An chaoi le hÁbhar Mídhleathach a thuairisciú ar Aip Pinterest

3



Tabharfar chuig **foirm atá le comhlánú** thú ansin. Sula ndéanann tú cur síos ar an rud is mian leat a thuairisciú (i.e. pionna/físeán/próifíl), fiafróidh an fhoirm díot an mian leat **fanacht anaithnid** agus más **Comharthóir lontaofa** thú. Is éard atá i gComharthóir lontaofa ná eagraíocht a bhfuil ceadú faighte aici don stádas seo. Dá bhrí sin, tugtar tús áite don mhéid a thuairiscíonn siad.

European Union Illegal Content Reporting Form

Use this form to report content you believe to be illegal in the European Union. Please fill out the form with as much detail as possible to allow us to efficiently evaluate your report.

For issues related to Copyright or Trademark infringement, please follow the appropriate link to access the complaint form.

[Copyright Complaint form](#)

[Trademark Complaint form](#)

Contact Information

☐ Do you wish to remain anonymous? (Yes)

If you select this box, you will not receive any additional communications about your report, including the final outcome of your report.

☐ Trusted flagger? (Yes)

Trusted Flaggers are designated by the Digital Services Coordinator of the Member State in which the applicant is established, in line with Article 22 of the Digital Services Act.

Name of Reporter

Name of Reporter

Email Address

Email Address

Complaint information

Item 1

What is the URL of the content you want to report?

<https://www.pinterest...>

What portion of the content are you reporting?

- ☐ Pin image/video
- ☐ Pin description
- ☐ Profile image
- ☐ Profile name

Save

An chaoi le hÁbhar Mídhleathach a thuairisciú ar Aip Pinterest



4

Soláthraíonn an roghchlár anuas roinnt samplaí d'eolas a d'fhéadfadh a bheith mídhleathach, ionas nach gá duit an dlí féin a bheith ar eolas agat.

Why do you think this content is illegal under local law?

Please carefully consider the option you select, so we can address your report as efficiently as possible.

- ☐ **Promoting or condoning terrorist acts**
E.g., Incitement to or apology of terrorist acts
- ☐ **Threatening commission of or condoning serious criminal offense**
E.g., Threats to commit serious criminal offense against individuals or their condemnation
- ☐ **Child sexual abuse material (CSAM)**
E.g., Dissemination or procurement of child pornographic content
- ☐ **Hate speech, hateful acts and discrimination**
E.g., Incitement to hatred, violence or discrimination against protected and vulnerable groups
- ☐ **Graphic Violence**
E.g., Gore/graphic wounds and mutilation, beatings, excessive blood, corpses
- ☐ **Denying or condoning crimes against humanity**
E.g., Denial of genocides, war crimes and other crimes against humanity
- ☐ **Illegal goods and services**
E.g., Illegal sale of drugs, live animals or the illegal offer of services
- ☐ **Harassment**
E.g., Online stalking or sexual

An chaoi le hÁbhar Mídhleathach a thuairisciú ar Aip Pinterest



5

Nuair a sheolann tú tuairisc maidir le hábhar mídhleathach, gheobhaidh tú fógra a deir go bhfuil an tuairisc curtha isteach, mar aon le huimhir aitheantais don tuairisc. Mura ndearna tú an tuairisc ar bhonn anaithnid, gheobhaidh tú ríomhphost chun d'iarratas a dheimhniú.

Thank you for your submission

Your request id:

Okay

Hi

We received your report identifying content that you believe is illegal under EU or Member State law.

The review of your report is pending.

Enforcement ID:

Additional information is available in our [help center](#) or at the [European Commissioner's Website](#).

Thanks,
The Trust & Safety Team

This email was sent to
☒ Not my account

[Help Center](#) · [Privacy Policy](#) · [Terms & Conditions](#)

Pinterest, Inc, 651 Brannan Street
San Francisco, CA, 94107

6

Cuirfear do thuairisc leis an scuaine in éineacht leis na tuairiscí eile a fhaigheann Pinterest. Tar éis scaithimh, gheobhaidh tú uasdátú ar do thuairisc nuair a bheidh athbhreithniú déanta uirthi. Cinnfidh Pinterest má tá an t-ábhar atá tuairiscithe agat mídhleathach agus, má tá, bainfidh siad é. Mura n-aontaíonn siad leat, fanfaidh an t-ábhar ar líne, ach ba cheart go bhfaighfeá deis chun a gcinneadh a achomharc.


An chaoi le hÁbhar Díobhálach a thuairisciú ar Aip Pinterest



1

Má aimsíonn tú ábhar a d'fhéadfadh a bheith díobhálach agus gur mian leat é a thuairisciú, cosúil le hábhar mídhleathach a thuairisciú, **tapáil ar na trí phonc in aice leis an bpionna** chun roghchlár aníos a oscailt. Nuair a osclaítear an roghchlár, tapáil **Tuairiscigh**.

TABHAIR FAOI DEARA:
Is bealach amháin é seo chun ábhar díobhálach nó mídhleathach a thuairisciú, ach d'fhéadfadh go mbeadh cinn eile ann.




An chaoi le hÁbhar Díobhálach a thuairisciú ar Aip Pinterest



2

Faoin gcéad rogha (le haghaidh “Sárú ar Dhlí Áitiúil AE” a thuairisciú), feicfidh tú liosta catagóirí a léiríonn na cineálacha éagsúla ábhair a d’fhéadfadh a bheith díobhálach a sháraíonn Treoirlínte Pobail Pinterest. **Roghnaigh an chatagóir is mó a oireann don ábhar is mian leat a thuairisciú.**





An chaoi le hÁbhar Díobhálach a thuairisciú ar Aip Pinterest



3

Ag brath ar an gcatagóir a roghnaíonn tú, d'fhéadfadh sé go gcuirfí ceisteanna breise ort sula dtugtar rogha duit Tuairiscigh a thapáil. Anseo, tá ciapadh nó cáineadh á thuairisciú againn.

Sula ndéanann tú tuairisc, soláthróidh an fhoirm roinnt samplaí duit d'ábhar a sháraíonn Treoirínte Pobail Pinterest (nó téarmaí agus coinníollacha). Ní heol don té atá á thuairisciú agat gur tusa a rinne an tuairisc.




An chaoi le hÁbhar Díobhálach a thuairisciú ar Aip Pinterest



4

Cuirfear do thuairisc leis an scuaine in éineacht leis na tuairiscí eile a fhaigheann Pinterest.

Má tá cuntas Pinterest á úsáid agat, go gairid i ndiaidh duit ábhar díobhálach a thuairisciú, gheobhaidh tú ríomhphost ag rá gur féidir leat uasdátuithe ar na tuairiscí atá curtha isteach agat a aimsiú i d'**Ionad Tuairiscí agus Sáruithe** trí **Athbhreithnigh** anois a thapáil.





An chaoi le hÁbhar Díobhálach a thuairisciú ar Aip Pinterest



5

Gheobhaidh tú uasdátú ar do thuairisc nuair a bheidh athbhreithniú déanta uirthi, de ghnáth le linn 48 uair. Má aontaíonn Pinterest go sáraíonn an t-ábhar a dTreoirínte Pobail (téarmaí agus coinníollacha), rachaidh siad i mbun gnímh (e.g. an t-ábhar a bhaint). Gheobhaidh tú ríomhphost a mbeidh an chuma seo air:



Hi

We have reviewed your report and, based on our review, we have deactivated the content you reported based our Community Guidelines on 'Nudity or pornography'.

This decision may be reconsidered under certain circumstances, such as the result of an appeal from the content creator.

Additional information is available in our [help center](#) or at the [European Commissioner's Website](#).

Thanks,
The Trust & Safety Team

This email was sent to
[Not my account](#)

[Help Center](#) · [Privacy Policy](#) · [Terms & Conditions](#)


Pinterest, Inc, 651 Brannan Street
San Francisco, CA, 94107

An chaoi le hÁbhar Díobhálach a thuairisciú ar Aip Pinterest



6

Má dhéanann Pinterest athbhreithniú ar do thuairisc agus má cheapann siad nach sáraíonn an t-ábhar a dTreoirlínte Pobail (téarmaí agus coinníollacha), ní bhainfidh siad an t-ábhar, ach beidh 6 mhí agat chun achomharc a dhéanamh ar a gcinneadh más mian leat déanamh amhlaidh. Gheobhaidh tú freagra a d'fhéadfadh a bheith cosúil leis seo:





An chaoi le hÁbhar Díobhálach a thuairisciú ar Aip Pinterest



7

Is féidir leat stádas do thuairiscí a fheiceáil freisin trí do **Phróifíl** a thapáil ag bun an leathanaigh baile, agus ansin an deilbhín **Socruithe** a thapáil ar bharr ar dheis chun liosta roghanna a fheiceáil. Tapáil **Ionad Tuairiscí agus Sáruithe**.





An chaoi le hÁbhar Díobhálach a thuairisciú ar Aip Pinterest



8

Feicfidh tú uasdátuithe ar an ábhar a bhfuil tuairisc déanta agat ina leith. Mura bhfuil tú sásta le cinneadh Pinterest, tabharfar an rogha duit **achomharc a chur isteach**.



Naisc chuig Acmhainní Breise

Séanadh: Cuireann na treoracha seo samplaí agus faisnéis ar fáil chun cabhrú leis an bpobal na modhanna tuairiscithe ar Pinterest a thuiscint ó mhí **Dheireadh Fómhair 2026**. Léirithe amháin atá iontu, ní comhairle dlí iad agus ní léiríonn siad tuairimí ná barúlacha Choimisiún na Meán, lena n-áirítear cibé an gcomhlíonann na modhanna tuairiscithe na ceanglais rialála ábhartha nó nach gcomhlíonann. D'fhéadfadh sé, ó am go chéile, go n-athrófaí na modhanna tuairiscithe ar Pinterest, agus déanfaimid iarracht na treoracha seo a choinneáil cothrom le dáta.



Tacaíochtaí Pinterest

- Conas ábhar a thuairisciú ar Pinterest: <https://help.pinterest.com/en/article/report-something-on-pinterest>
- An chaoi le hábhar mídhleathach a thuairisciú ar Pinterest: <https://help.pinterest.com/en/article/digital-services-act>
- Eolas faoi Threoirlínte Pobail/Téarmaí Seirbhíse Pinterest: <https://policy.pinterest.com/en/community-guidelines>

Acmhainní Choimisiún na Meán

- Chun tábla úsáideach de dhlíthe in Éirinn a fháil, téigh chuig <https://www.cnam.ie/ga/an-pobal-ginearalta/sabhailteacht-ar-line/ceard-is-abhar-midhleathach-ann/>
- Féach ár gcuid treoracha eile ag www.cnam.ie/ga/an-pobal-ginearalta/treoracha-acmhainni